

❖An Lúbín❖

16 Bealtaine 2005



Ábhar machnaimh

Louise Holden: sliocht as alt léi in *The Irish Times*.

Nuair a d'éiligh an Coimisinéir Teanga Seán Ó Cuirreáin go gcomhlionfadh comhlachtaí a ndualgas de réir Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003, tháinig bunfhadhb chun solais. Na comhlachtaí a bhí ciontach san fhailli bhí argóint shimplí acu: bhí ag teip orthu Gaeilgeoirí a fháil a bhí in ann tuarascálacha bliantúla a aistriú nó litreacha custaiméirí a fhreagairt.. Níl go leor Gaeilgeoirí líofa sa chóras chun déanamh de réir an Achta... Níl aon difríocht is mó ná an ceann atá idir Gaeilge bhlasta bheo i siopa coirnéil i gConamara agus na haistí a chuirtear de ghlanmheabhair nó gramadach na scoile, ach is fiorbheag dalta lasmuigh den Ghaeltacht a chleachtadh an Ghaeilge mar theanga bheo.



An sáile a bhánn

Australia and Ireland are both ringed with water, and that water is rising. The consequences will be very different.

Tá áthas ar mharaigh thoinne in oirthear na hAstráile i mbliana agus inní ar fheirmeoirí: tá sáile an chósta iontach te mar le fómhar, ach rud é atá ag tuar theacht El Niño. Tá triomach ar siúl i gcuid mhaith den Astráil leis na blianta anois, agus seans maith go mbeidh sé ann go ceann bliana eile ar a laghad.

Beidh a ndóthain farraige ag na marcaigh feasta. Más fíor do na mionsamhlacha hidreolaíocha agus aeráide éireoidh meánleibhéal na farraige timpeall troithe faoin mbliain 2050 de bharr théamh an domhain, cuma cad a dhéanfar chun gásanna tí gloine a laghdú, agus báfar oileáin an Chiúin-Aigéin dá bharr; tá rialtas Túvalú ag iarraidh ar an Astráil agus ar an Nua-Shéalainn cheana pobal na tíre a ghlacadh isteach má théann an scéal go bun an angair.

Measann Sujatha Byravan agus Sudhir Chella Rajan (*International Herald Tribune* 11/5/05) gur fiú an plean sin a chur i bhfeidhm go forleathan: 'Is é an réiteach is córa daoine atá ina gcónaí sna réigiúin atá i mbaol a ligean isteach de réir mar a mhéadaigh an tír dhídine féin téamh an domhain'. B'fhéidir gur 200 milliún duine a bheadh i gceist faoin mbliain 2080, agus ba cheart do na tíortha is mó a sceitheadh gásanna (an tSín agus an India san áireamh) fáiltiú roimh chuid mhór acu.

Tá foirmle ag Byravan agus ag Rajan: ghlacfadh an tír sceite gás is mó, na Stáit Aontaithe, 21% de na deoraithe in aghaidh na bliana, agus ghlacfadh an tír is lú sceitheadh den 20 sceiteoir is mó, an Veineiséal, níos lú ná 1%. Dá gcuirfí an scéim seo ar bun sa bhliain 2010, bheadh ar na Stáit idir 150,000 agus leathmhilliún duine a ghlacadh in aghaidh na bliana go ceann 70 bliain nó mar sin (faoi láthair tagann milliún duine isteach sna Stáit go mídhleathach gach bliain). Agus d'fhéadfadh na deoraithe tairbhe a dhéanamh do na tíortha dídine - tíortha a bhfuil líon a gcuid oibrithe ag dul i laghad agus méadú ag teacht ar an líon atá ar scor.

Ní fearrde Éire an saol nua. Fuair lucht taighde fianaise go bhfuil moill ag teacht ar imeacht ar Shruth na Murascaille - an sruth a chosnaíonn Éire ar an gcuid is measa den fhuacht. Bíonn uisce fíorfhuar i Muir na Graonlainne ag sní anuas go grinneall, rud a chuidíonn le casadh an tSrutha, ach níl fanta san uisce sin anois ach an ceathrú cuid dá neart. Dealraíonn sé gurb é téamh an domhain is cúis leis, agus d'fhéadfadh sé athrú mór a dhéanamh ar an Sruth sna blianta atá romhainn. Ní í Éire amháin a bheas níos fuaire dá bharr ach an Eoraip i gcoitinne.



Scéala ó Éirinn

An Irish university researcher condemns the lack of national language planning and policy.

[Ó scéal le Lorna Siggins ar *The Irish Times*.] Tá John Walsh, taighdeoir de chuid Ollscoil Bhaile Átha Cliath, tar éis a chur in iúl go mbeidh sé an-deacair ag an Rialtas an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn cheal plan náisiúnta. Deir sé go bhfuil planáil teanga agus planáil gheilleagrach dealaithe amach ar fad óna chéile. Tá plan náisiúnta forbartha agus straitéis náisiúnta spásúil ann ach is beag baint a bhí acu riamh le cúrsaí teanga agus cultúr. Eisceacht is ea Údarás na Gaeltachta agus an treise a chuireann siad ar phleanáil teanga, ach déanann sin léiriú ar an méid atá gan déanamh.

Deir Walsh nár mhór don Roinn Gnóthaí Gaeltachta, d'Fhoras na Gaeilge agus d'Údarás na Gaeltachta dul i gcomhar lena chéile san obair, de réir mar a mhol Coimisiún na Gaeltachta trí bliana ó shin. Moladh go mbeadh plan náisiúnta ann le cuspóirí soiléire agus léargas ann ar thábhacht na Gaeltachta. Ba cheart córas planála teanga a bhunú de réir na modhanna idirnáisiúnta ab fhearr, córas a mbeadh foireann mhór oilte ag baint leis agus aonad speisialta ann i gcomhair staidéar sochaitheangeolaíoch. Ar éigean a tháinig toradh ar bith ar an moladh seo, a deir Walsh, cé gur caitheadh beagán airgid ar mhionphleanáil teanga sa Ghaeltacht. Ba bheag an mhaith é sin, áfach, gan phlean ná oiliúint a bheith ar fáil, agus ba mheasade fós an scéal a laghad sin taighde a bheith déanta. Ba mhaith le Walsh dá gcuirfí tascfhórsa ar bun a mbeadh ionadaithe stáit agus gníomhaithe ag baint leis, chomh maith le daoine a dhéanann speisialtóireacht ar phleanáil teanga.

The Welsh language is the beneficiary of a Welsh millionaire's will.

Níor bhoichtede sparán *Cymdeithas yr Iaith Gymraeg* (Cumann na Breatnaise) bás Howel Vaughan Lewis, milliúnaí a d'fhág a chuid airgid ag eagraíochtaí Breatnaise. Fuair an páirtí polaitiúil *Plaid Cymru*, an eagraíocht ban *Merched y Wawr* agus an eagraíocht óige *Urdd Gobaith Cymru* roinnt den ór, agus chuir *Cymdeithas yr Iaith Gymraeg* a mbuíochas in iúl go poiblí, cé nach fios cá mhéad airgead atá i gceist. D'aistrigh an tUasal Lewis go dtí Londain ó iarthar na Breataine Bige sna caogaidí, agus thug sé dathanna an dúchais leis – deirtear gur phéinteáil sé a theach dearg agus uaine in ómós a thire. Baitsiléir coigilteach ba ea é, más fíor, rud a chuaigh ar sochar dá chúis agus dá chine.

Placenames in Irish: unfinished business.

Níl foirm cheart logainmneacha áirithe sócraithe fós, rud a choinníonn Éamon Ó Cuív T.D., Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i mbun oibre. I gCo. Dhún na nGall ní raibh muintir na háite a dtugtar *Mountcharles* air i mBéarla sásta le Moin Séarlas mar leagan Gaeilge; anois tá *Tamhnach an tSalainn* ceadaithe ag an Aire. Bhí ar an gCoimisiún Logainmneacha an fhianaise stairiúil a scagadh chun teacht ar an logainm nua. Tá áiteanna fós ann nach bhfuil le fáil sna hOrduithe Logainmneacha, go háirithe ainmneacha bailte poist nó iarbailte poist, agus tá roinnt bheag logainmneacha i nGaeltacht na Gaillimhe a ndearnadh failli iontu freisin. Tá an tOrdú is déanaí ar fáil ar : www.pobail.ie.



An domhan *Cúrsaí comhshaoil*

One of North America's 'extinct' birds miraculously reappears.

Saibhreas ainmhithe agus éan a bhí i gcoillte agus ar mhachairí Mheiriceá fadó. Orthu sin bhí snagaire mór darach a raibh gob bán air – gob ar shíl na Meiriceánaigh dhúchasacha go raibh draíocht ga baint leis. Ní fhaca aon duine é le seasca bliain anuas, agus bhí barúil ag mórán gur cheart é a chur ar liosta na sé chineál éan eile a chuaigh i léig ón mbliain 1880 i leith.

Is é leagan na gcoillte an rud is mó a rinne dochar do na snagairí; bhí corrthuirisc le fáil orthu ó am go chéile, ach theip ar aon duine na scéalta a dheimhniú. Anois tá áthas ar lucht éaneolaíochta. Ar 11 Feabhra 2004 baineadh geit as Gene Sparling, éaneolaí amaitéarach, nuair a nocht an snagaire os a chionn i gcoill in Arkansas: éan mór a raibh dath bán agus dath dubh air agus cíor dhearg. Ba bheag an mhoill air an scéal a scaipeadh, agus chaith scata éaneolaithe agus lucht caomhnaithe bliain ag déanamh taighde ar an éan ina áit dhúchais.

Anois tá na milliúin dollar d'airgead rialtais geallta chun an áit sin a chaomhnú. Is annamh aiséirí i ndán d'éan ar bith a chonaic a chuid coillte ag titim go talamh, ach cén cineál caillte eile a d'fhéadfadh nochtadh arís?

Féach: http://www.truthout.org/issues_05/042905EA.shtml.

A Stone-Age horse returns to the desert.

I bhfásach Ghóbi bhí capaill ann riamh den chineál is sine ar domhan – cineál fiáin a bhí le fáil san Eoraip féin sa Chlochaois. Tár éis na hoighearaoise d'fhás coillte ar chuid mhaith de na machairí a ghnáthaíodh na capaill sin, agus bhí daoine agus eallach ag cúngú orthu. Bhaineadar an fásach amach, agus bhí a sliocht le fáil sa Ghóbi, réigiún a bhfuil idir fhásach, fhéarach agus shléibhte ann, agus atá ag críochantacht leis an Mongóil Shíneach, le Poblacht na Mongóile agus le Xinjiang i dtuaisceart na Síne.

Capall láidir donn atá i dtreis, stríoc dhubh ar a dhroim, agus moing righin air. Tá eireaball air atá go maith chun an tóin a chosaint i rith stoirme, ós í an tóin a thugann dúshlán na gaoithe agus an ghainimh shéite. Is féidir a áiteamh gur spéiceas ar leith é. É aireach agus cúthail, an-radharc agus an-éisteacht aige, agus an-chumas bolaithe. Mhairfeadh sé i bhfad gan uisce.

Shíl eolaithe Eorpacha le fada go raibh na capaill ársa seo dultha i léig ar fud an domhain. Tháinig áthas agus iontas orthu i lár an 19ú haois nuair a chonaic an taiscéalaí Rúiseach Nikolai Przewalski dhá thread ar na sléibhte ar imeall fhásach Ghóbi, cé nárbh eisean an chéad Eorpach a chonaic iad. Tugadh capaill Przewalski orthu, ainm atá orthu fós.

Níor luaithe aimsithe na capaill seo ná dúil uafásach ag daoine áirithe iontu. Orthu sin bhí Frederic von Falz-Fein ag Askania Nova i ndeisceart na Rúise; d'éirigh leis searraigh a fháil agus a thógáil ar a thailte, rud a chosain raidhse airgid air. Faoin am sin bhí suim iontu sa chuid eile den Eoraip agus i Meiriceá; bhí na scórtha searrach á ngabháil ó thús na haoise seo caite agus á scaipeadh trí zúnna poiblí agus príobháideacha an domhain. Fuair mórán acu bás; na capaill atá ann inniu fáisceadh iad as 13 cinn de na searraigh úd.

Fad is a bhí ba capaill á dtógáil sna zúnna bhí siad ag dul i laghad ina n-áit dhúchais de bharr seilge agus mhilleadh an mhachaire. Ní fhacthas aon cheann beo san fhásach tar éis na bliana 1969. Sna zúnna féin is minic nach mbíodh a ndóthain slí ná féir acu, agus bhí corbadh ag déanamh an-dochair don síol. Ní raibh ach 77 capall ann sa bhliain 1977, nuair a bhunaigh trí Ollannach an Cumann um Chaomhnú agus um Chosaint Chapall Przewalski. Bhí dhá chuspóir

acu: tógáil na gcapall a fheabhsú agus iad a chur ar ais ar na sléibhte. Tá i bhfad níos mó láracha á

Is beag machaire fiáin atá ann anois, go fiú sa Mhongóil; ach thángthas ar mhachaire maith 24,000 acra ann; tá os cionn 60 capall ann anois, i gcomórtas leis an 1,450 atá sna zúnna. Thug an tSín cuid capall isteach ón nGearmáin i lár na n-ochtóidí, agus anois tá os cionn 200 acu in Ísleán Junggar i Xinjian. Agus tá scéim urrúis ceaptha ag An Lárionad Taighde um Shíolrú Capall Fiáin agus ag Cumann Cosanta na nAinmhithe Fiáine i Xinjiang: duine ar bith a thugann 2,000 yuan (\$241 Meiriceánach) is féidir leis cuidiú le capall fiáin a thógáil ar feadh bliana. Féadann sé capall a roghnú agus a ainmniú, agus gheobhaidh sé teastas agus boinn dá bharr. Má théann sé in urrús ar chapall ar feadh deich mbliana gheobhaidh sé ceart tógála go deo. Scéim í seo den saghas a mbaintear feidhm as i zúnna minic go leor; bíodh súil againn go bhfágfaidh sí a rian ar an bhfásach.

malartú ag na zúnna anois, agus tá roinnt capaill á scaoileadh amach ar a ndúchas.



Stair

The Road to Botany Bay, Paul Carter, Faber & Faber 1987.

A look at a book which, when published almost twenty years ago, was one of the most influential and controversial works yet published about Australian history. Carter argues that all too often Australian historians have taken the land itself as a given, fully formed and packaged, without investigating how historical space is actually created through intention and naming. Of conventional 'museum' history he says: 'The primary object is not to understand or interpret: it is to legitimate'. In the next edition of An Lúibín: a look at the implications for aspects of Irish language and history.

Scríobhann Paul Carter faoi 'stair spásúil': an chaoi a gcruthaítear áiteanna trí iad a ainmniú, trí iad a shiúl, tríd an 'intentional gaze' – an tsúil thnúthánach. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de thalamh ar bith; rud daonna is ea an spás, rud beo; agus tá difríocht an domhain idir spás traidisiúnta na mBundúchasach agus an ceann a bheartaigh na hEorpaigh dóibh féin.

Tá dímheas an domhain ag Carter ar an saghas staire a dtugann sé 'stair iarsmalannach' uirthi - stair 'eimpíreach' a chuireann an treise go léir ar shraith fíricí agus samhlacha atá ceangailte le chéile chun scéal snasta a dhéanamh, agus gach rud ag titim amach de réir mar a bheadh i ndán dó. Tá rian na staire eimpíricí ar chuid mhaith dár scríobh na staraíthe Astrálacha is cáiliúla, faoi mar nach raibh sa tír seo ach ardán, agus na haisteoirí ar láimh. Níl le déanamh ag an staraí ach an dráma a léiriú dúinn de réir na bhfíricí atá le fáil. Glactar leis go dtiteann rudaí amach uathu féin, beag beann ar na daoine ná ar an áit. Tá laochra ann, ach déanann siad an pháirt a bhí i ndán dóibh. Tá taistealaithe ann, ach tá siad ag siúl tíre a bhí ag fanacht leo. B'fhéidir nach bhfuil gá leo ar chor ar bith; tá an script ann, agus dhéanfaí an pháirt ar shlí amháin nó ar shlí eile.

Stair mharbh réamhshocraithe í seo, agus í bunoscionn leis an stair bheo spásúil a bhfuil suim agus dúil ag carter inti. Níl i dtír ar bith ach spás cultúrtha, rud a chruthaíonn daoine d'aonghnó le toil agus le taithí agus le samhlaíocht. Spás beo atá ann, agus stair bheo dhaonna, beag beann ar an iarsmalann. Cinnte, bhí carraig, cré agus trá ann ó thús, ach ní hionann é sin agus áit a bheith ann. Chum na Bundúchasaigh a n-áit féin, a spás féin, lena chomharthaí féin, agus d'fhág sin a rian ar an tír. Tháinig daoine nua agus bhrúigh siad a spás féin anuas i mullach a raibh ann cheana.

Ó thaobh na staire de, níor tháinig an tír roimh an taistealaí; as a mhian sin a fáisceadh í, agus é ag tnúth i gcónaí le cibé rud a bhí siar thar cnoc uaidh. Bhí roghanna gníomhacha spásúla á ndéanamh aige; ní raibh gach rud socraithe roimh ré ach a mhalairt.

Is iad na briathra bun agus barr na staire spásúla. Ní féidir cónaí in áit ná go fiú í a shamhlú mura bhfuil ainm air. Saghas reitrice cultúrtha atá i gceist. Níorbh fhéidir rud stairiúil a dhéanamh den tír gan logainmneacha a chruthú. Ní gá gur sliabh i ndáiríre an rud a dtugtar sliabh air; cruthaíonn na logainmneacha spás, idirdhealaíonn siad rud amháin ó rud eile, déanann siad téacs spásúil is féidir leat a léamh. Taispeánann dialanna na dtaiscéalaithe daoine ag roghnú logainmneacha agus treonna á roghnú, tír á cruthú acu, iad ag samhlú na rudaí a bhí rompu.

Bíonn cuspóir ag an taiscéalaí; bíonn dualgas air a mhór a dhéanamh dá bhfeiceann sé, ciall chultúrtha a bhaint as, teacht ar ábhar luachmhar. Na focail *sliabh*, *abhainn*, *loch*, cuireann siad cruth ar an tír, cuireann siad teoracha ar fáil don áitritheoir. Deir Carter go raibh sealbhú na tíre ag brath ar an dóigh a léiríodh éifeacht an Bhéarla agus an cumas a bhí inti chun an tír a mhúnlú. Dá bhrí sin bhí claonadh ann chun teangacha na mBundúchasach a lochtú agus a dhíspeagadh; le Béarla amháin a bhain dul chun cinn an chine úd, a deirtí, agus b'fhearrde na Bundúchasaigh an teanga nua a fhoghlaim seachas cloí lena gcabaireacht féin.

Bíonn teorainn ag spás. Cuimhníonn ár gcultúr féin ar an teorainn mar chlaí. Déanann Carter tagairt do shaothar na hantraipeolaithe i ngeall ar an gciall atá ag na Bundúchasaigh do chúrsaí pobail agus spáis, cúrsaí a eagraítear de réir caidreamh ilghnéitheach a bhaineann le gaol, le tótam, le teanga, le haois agus le gnéas. Ní áit í an teorainn a 'mbactar' eolas ann; bíonn díospóireacht ann, bíonn daoine ag roinnt eolais ar a chéile. Má úsáidtear sraith láithreacha campála, b'fhéidir go mbeadh an chéad champa agus an campa deireanach san áit chéanna, ach thaispeánfaí iad ag dhá cheann na líne, de réir na háite a bhí acu sa bhéaloideas. Poill uisce is ea na pointí teorann beagnach i gcónaí, agus is lú go mór an tábhacht atá leis an talamh atá eatarthu. Ní ar an imeall atá na pointí ach i lár bail.

B'fhéidir gur scéalta tábhachtacha iad na teorainneacha féin. B'fhéidir gur mhodh cumarsáide an cosán féin, cosán a bhí lomlán de chiall mhíotach chomh maith le ciall dhaonna. Sa chomhthéacs sin, is díol trua é an ceannródaí a dhúnann a shuíl ar an mbealach féin agus é ag féachaint ar chlé agus ar dheis ar an saghas spáis a mbainfeadh seisean ciall as.

Chun tuairisc a thabhairt ar thír caithfear í a shiúl; is ionann tír a shiúl agus tír a insint – í a ríomh duit féin. As an athléiriú a thagann na tír. Baineann na Bundúchasaigh tairbhe as an turas chun rudaí a choinneáil i gcuimhne, chun athléiriú a dhéanamh ar na rudaí a d'fhéadfadh imeacht.

Déanann Carter tagairt do *The Other Side of the Frontier*, saothar cáiliúil conspóideach le Henry Reynolds faoin gcaoi a ndeachaigh na Bundúchasaigh i ngleic leis na hEorpaigh, agus faoin sléacht a rinne na coilínigh. Deir Carter gurbh fhiú an saothar sin a scríobh. Mura gcuirimid síos ar na Bundúchasaigh, áfach, ach mar ghrúpa faoi leatrom taobh istigh den phobal bán nó mar dhream misniúil lastall den teorainn, is baolach go mbeimis á chur in iúl go raibh an dá phobal ag imeacht tríd an spás stairiúil céanna. Níos minice ná a chéile, cinnte, lean na ceannródaithe teoraithe Bundúchasacha a thaispeáin poill uisce agus mhachairí dóibh; rinneadh bóithre Eorpacha de na seanchosáin ina dhiaidh sin; ach níor thuig na daoine bána aigne spásúil an chéad phobail, agus scrios siad an spás sin agus mórán de na daoine a bhain leis in éineacht.

Deir Carter gur éalaigh an spás Bundúchaach isteach i rudaí aonair; briseadh ina fheirmeacha é. Lagaidh teannas na bunstaire a choinníodh an tír ar oscailt, agus dhún sí mar a dhúnfadh leabhar. Is é an toradh a bhí ar an gcliseadh seo carnadh na n-iarsmaí, rudaí nach raibh traidisiún spásúil ag baint leo a thuilleadh, búmaraingí nár fhéad aon duine iad a chaitheamh.

Is iomaí tír a dtabharfadh an stair spásúil léargas neamhchoitianta uirthi. Tá Éire féin ar na tíortha sin – scéal a chíorfá sa chéad eagrán eile.



An té nach mian leis *An Lúibín* a fháil a thuilleadh cuireadh sé teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan